V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10887 – INEOS / SINOPEC / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 390/04)

1. An 30 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— INEOS AG ("INEOS", an Eilvéis),

— China Petroleum agus Chemical Corporation ("SINOPEC", an tSín), fiontar faoi úinéireacht stáit,

— INEOS Sinopec HDPE (Tianjin) Limited ("INEOS Sinopec HDPE (Tianjin)", an tSín), comhfhiontar nua-chruthaithe, faoi rialú INEOS agus SINOPEC.

Gheobhaidh INEOS agus SINOPEC rialú comhpháirteach ar INEOS Sinopec HDPE (Tianjin) de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ilchuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach é INEOS a tháirgeann raon ceimiceán lena n-áirítear peitriceimiceáin, ceimiceáin speisialtachta agus táirgí ola,

— Is grúpa peitriliam agus peitriceimiceach é SINOPEC a bhfuil a cheanncheathrú i mBéising.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag INEOS Sinopec HDPE (Tianjin): gléasra poileitiléine ard-dlúis a fhorbairt, a thógáil agus a oibriú i nDaon-Phoblacht na Síne

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10887 – INEOS / SINOPEC / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË